

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE
EARRACH, 2023**

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

Triail Chluastuisceana– 100 MARC

Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn. Do gach ceist cuir ‘tic ’ i mbosca amháin gach uair.

Líon na boscaí seo, le do thoil:-

Uimhir Scrúdaithe	Uimhir PPS	Uimhir Oide

ROINN A: FÓGRAÍ

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

FÓGRA I

1. Céard atá á baint amach ag na páistí ón Úcráin?

Scileanna eolaíochta.

Scileanna idirphearsanta.

Acmhainní ceoil.

Muinín sa Ghaeilge.

2. Cén grúpa a chabhraigh le *C.O.G.G.* na hacmhainní a fhorbairt?

Foras na Gaeilge.

Glór na nGael.

Muintearas.

Múinteoirí na Gaeltachta.

3. Cén ghné den teanga a chlúdaítear ar na póstaer?

Treoracha ranga.

Moladh na bpáistí.

Beannachtaí.

Ceisteanna.

4. Céard a fhorbróidh na múinteoirí sna páistí le cabhair ó na mataí teanga?

Feasacht Teanga.

Scileanna Ceoil.

Scileanna Matamaitice.

Scileanna Léitheoireachta.

5. Céard atá ar fáil trí theagmháil a dhéanamh le *C.O.G.G.*?

Eolas faoin nGaeltacht.

Luaschártaí.

Rialacha ranga.

Tuilleadh eolais agus cóipeanna crua de na hacmhainní.

FÓGRA II

1. Cé a d'eisigh an fógra?

Gaeilge don Stad.

Glór na nGael.

An Gúm.

Foras na Gaeilge.

2. Cén aidhm atá ag an imeacht?

Daoine óga a spreagadh chun freastal ar ranganna teanga.

Daoine óga a spreagadh chun Gaeilge a léamh.

Daoine óga a spreagadh chun Gaeilge a scríobh.

Daoine óga a spreagadh chun Gaeilge a labhairt.

3. Cén buntáiste a bhaineann leis an imeacht?

Léiríonn sé gur teanga bheo í an Ghaeilge sna leabhair.

Léiríonn sé gur teanga bheo í an Ghaeilge sa seomra ranga.

Léiríonn sé gur teanga bheo í an Ghaeilge lasmuigh den chóras oideachais.

Léiríonn sé gur teanga bheo í an Ghaeilge sna meáin chumarsáide.

4. Cé mhéad páiste a ghlac páirt san imeacht anuraidh?

Os cionn 200.

Os cionn 2,000.

Os cionn 200,000.

Os cionn 1,000.

5. Céard é an spriocdháta chun clárú don imeacht?

Roimh 16 Bealtaine.

Roimh 6 Bealtaine.

Roimh 26 Bealtaine.

Roimh 6 Meitheamh.

FÓGRA III

1. Cathain a bhíonn an oíche amhránaíochta ar siúl?

Ar an gcéad Déardaoin de gach mí.

Gach Déardaoin.

An dara Déardaoin i mí na Bealtaine.

Déardaoin seo chugainn.

2. Cá bhfuil Club Chonradh na Gaeilge suite?

I gCorcaigh.

I mBaile Átha Cliath.

I nGaillimh.

I bPáirc an Chrócaigh.

3. Cén moladh a thugtar d'amhránaithe maidir le focail na n-amhrán?

Iad a scríobh amach.

Iad a chur de ghlanmheabhair.

Iad a phriontáil amach roimh ré.

Cóip de na focail a thabhairt do na héisteoirí.

4. Lasmuigh d'amhránaithe, cén grúpa eile a bhfuil fáilte rompu ag an oíche?

Drumadóirí.

Éisteoirí.

Aistritheoirí.

Ceoltóirí.

5. Cén t-am a osclófar na doirse ar an 4 Bealtaine?

8.05 i.n.

8.15 i.n.

8.00 i.n.

8.30 i.n.

ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

COMHRÁ I

1. Cá bhfuil an t-agallamh foilsithe?

In *The Irish Times*.

In *InTouch*.

In *Comhar*.

Ar shuíomh na Cáilíochta sa Ghaeilge.

2. Cén contae ina bhfuil Fiona ag múineadh?

Contae Thiobraid Árann.

Contae Chorcaí.

Contae Bhaile Átha Cliath.

Contae na Gaillimhe.

3. Cá fhad a chaith Fiona i Londain?

8 mí.

18 mbliana.

8 mbliana.

8 seachtaine.

4. Cén scrúdú a dhéanfaidh Máire agus Tadhg i mbliana?

An S.C.G.

An Ardteistiméireacht.

O.C.G.

Scrúduithe na Céime.

5. Céard a dhéanfaidh Tadhg níos déanaí?

Ullmhóidh sé don scoil.

Léifidh sé an t-agallamh.

Déanfaidh sé staidéar.

Leanfaidh sé Fiona ar *Facebook*.

Ar lean →

COMHRÁ II

1. Cén aois a bhí ag Angela Lansbury nuair a fuair sí bás?

86.

69.

96.

68.

2. Céard as d'athair Angela Lansbury ó dhúchas?

Éire.

Sasana.

Meiriceá.

An Iodáil.

3. Cén post a bhí ag máthair Angela Lansbury?

Polaiteoir.

Ceoltóir.

Aisteoir.

Damhsóir.

4. Dar le hAngela Lansbury féin, cén tréith dá cuid a fuair sí ó na hÉireannaigh?

A gruaig.

A féith den ghreann.

A cumas cainte.

A scil amhránaíochta.

5. Cén áit in Éirinn ar chaith Anglea Lansbury tréimhse ina cónaí?

Baile Chiotóige.

Baile Átha Cliath.

Contae Chorcaí.

Contae Mhaigh Eo.

COMHRÁ III

1. Cén rang atá ag Moya i mbliana?

Rang a Dó.

Rang a hAon.

Na Naíonáin Shinsearacha.

Na Naíonáin Shóisearacha.

2. Céard a rinne Pól lena rang don Cháisc?

Cártaí.

Pictiúrleabhar.

Uibheacha péinteáilte.

Coiníní.

3. Cén ghníomhaíocht ealaíne nár éirigh le Pól a dhéanamh lena rang don Cháisc i mbliana?

Dearadh cártaí.

Blaoscanna uibheacha a phéinteáil.

Coiníní a dhéanamh as stocaí.

Leabhar a scríobh agus a dhathú.

4. Cén leabhar faoin gCáisc nach bhfaca Pól roimhe seo?

Bran agus an Cháisc.

Cití Cearc.

Coinín Beag.

Uibheacha na Cásca.

5. Cá bhfuair Moya an leabhar?

Sa leabharlann.

Sa siopa leabhar.

San ollmhargadh.

I mbosca sa Halla.

ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

MÍR NUACHTA I

1. Cár seoladh na hacmhainní nua?

I mBaile Átha Cliath.

I gCorcaigh.

In Oifigí *Gaeloideachas*.

In Uíbh Fhailí.

2. Lasmuigh de mhúinteoirí agus de Phríomhoidí, cén grúpa eile a bhí i láthair ag an seoladh?

Riarthóirí.

Oifigh.

Tuismitheoirí.

Scríbhneoirí.

3. Cén post atá ag Bláthnaid Ní Ghréachain?

Príomhfheidhmeannach, *Gaeloideachas*.

Rúnaí, *Gaeloideachas*.

Leas-Uachtarán, *Gaeloideachas*.

Príomhfheidhmeannach, *Údarás na Gaeltachta*.

4. Chomh maith le hacmhainní i réimse an uathachais a chur ar fáil, cén aidhm eile atá ag *Gaeloideachas*?

Múinteoirí bunscoile le Gaeilge a chur ar fáil.

Taighde i réimse an uathachais a chur ar fáil.

Múinteoirí tacaíochta a chur ar fáil.

Páistí le huathachas a chur faoi agallamh.

5. Cé na scoileanna a ndearna Bláthnaid comhghairdeas leo?

Na scoileanna lán-Ghaeilge a roinn a dtaithe ar líne.

Na scoileanna lán-Ghaeilge atá suite faoin tuath.

Na scoileanna lán-Ghaeilge a bhunaigh suíomh gréasáin.

Na scoileanna lán-Ghaeilge a d'oscail ranganna speisialta.

Ar Lean →

MÍR NUACHTA II

1. Cén t-ealaíontóir a rinne na pictiúir a cuireadh ar ceant?

Máire Ní Mhaoláin.

Seán Keating.

Eric Mac Fhinn.

Paul Henry.

2. Cé na radhairc a bhí sna pictiúir a cuireadh ar ceant inné?

Radhairc den Athair Eric Mac Fhinn.

Radhairc d'Ollscoil na Gaillimhe.

Radhairc de ghnéithe den saol ar Oileáin Árann.

Radhairc de scoláirí bailithe le chéile.

3. Cén post a bhí ag an Athair Eric Mac Fhinn?

Múinteoir bunscoile.

Ealaíontóir.

Léachtóir le Gaeilge.

Léachtóir le hOideachas.

4. Cén réamh-mheastachán a bhí ar *Waiting for the Steamer*?

50 euro.

50,000 euro.

7,000 euro.

70,000 euro.

5. Cén fáth nár díoladh dhá cheann de na pictiúir?

Bhí siad briste.

Níor ofráladh go leor airgid orthu.

Ní raibh daoine in ann iad a fheiceáil.

Bhí an t-úinéir ag iarraidh iad a choinneáil.

MÍR NUACHTA III

1. Cén grúpa a d'fhorbair an cúrsa nua?

Údarás na Gaeltachta.

Belfast Media.

Gaelchultúr.

Foras na Gaeilge.

2. Cá fhad a mhaireann an cúrsa?

2 bhliain.

12 bhliain.

2 sheachtain.

12 sheachtain.

3. Cén grúpa ar leith atá an dearthóir ag iarraidh a mhealladh chuig an gcúrsa?

Páistí.

Tuismitheoirí.

Múinteoirí meánscoile.

Múinteoirí bunscoile.

4. Cén post atá ag Ellen Curtin?

Bainisteoir Margaíochta agus Díolachán, *Gaelchultúr*.

Oifigeach Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Rúnaí, *Belfast Media*.

Bainisteoir, *Fiontar*.

5. Cén fáth ar ghabh Ellen Curtin buíochas le *Belfast Media*?

As maoiniú a thabhairt don dearthóir.

As scoláireacht a chur ar fáil.

As an gcúrsa a sheoladh.

As luachanna glasa a chur chun cinn.